

# ❖ An Lúibín ❖

22 Meán Fómhair 2008

## **Teanga an ratha**

*Once all you needed for the job was English. Now fluency in Irish can make you employable.*

Is minic ráite é gur jabanna cearta a shábháilfidh an Ghaeilge i ndeireadh na dála, agus deir daoine soirbhíocha gurb í sin an teanga a chaithfidh tú a fhoghlaim na laethanta seo in Éirinn más áil leat a oiread post a bheith ar fáil agat agus is féidir. D'fhéadfá cuid acu a áireamh mar a leanas: múinteoireacht, feighlíocht páistí, margaíocht, gnó, aistriú teangacha, scannánaíocht, raidió, teilifís, teicneolaíocht agus iriseoireacht.

Ar na rudaí a chuidigh leis an mborradh seo bhí bunú TG4, teacht chun cinn na gaelscolaíochta, neartú an raidió áitiúil, na poist a chuir an tAontas Eorpach ar fáil agus fás ginearálta an gheilleagair in Éirinn féin. Faoi láthair tá faill ag cuid mhaith Gaeilgeoirí le dioplóma nó céim a bhaint amach, rud a théann ar sochar dóibh agus iad ag iarraidh dul chun cinn. Tá a fhios ag a lán institiúidí trú leibhéal go bhfuil éileamh ar cháilíochtaí Gaeilge agus gur fiú freastal ar an éileamh sin. De réir mar a rachaidh líon na nGaeilgeoirí oilte i méadaíocht, méadóidh na seirbhísí poiblí agus tráchtála a bheidh ar fáil tríd an teanga. B'fhéidir go mbeadh Gaeilge ag gach Roinn; mura bhfuil, beidh sí ag an bhfiacloir.



## **Ganntanas múinteoirí**

*The North of Ireland suffers from a lack of Irish-speaking students – the teachers of the future.*

Ní mó ná sásta atá Comhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann leis an laghdú a tháinig ar an líon daltaí sna meánscoileanna Béarla a rinne Gaeilge sa GCSE agus sna A-Leibhéal i mbliana.

Is beag an méid daltaí a dhéanann Gaeilge de ghnáth: as an 192,360 dalta a rinne an GCSE sa bhliain 2008, rinne 2,416 acu an scrúdú Gaeilge. 2,748 a rinne Gaeilge anuraidh agus 2,557 sa bhliain 2006. Ní mór an difríocht atá idir na figiúirí (agus iad sách íseal i ngach cás), ach ba leor í chun míshuaimhneas a mhúscailt. Aisteach go leor, ba é an dea-scéal ba chúis leis. Tá ag éirí chomh maith sin leis an ngaelscolaíocht go bhfuil an-tóir ar mhúinteoirí le Gaeilge, agus táthar ag brath ar na scoileanna Béarla chun na Gaeilgeoirí sin a sholáthar. Deirtear nach féidir gaelscoileanna nua a chur ar fáil uaireanta cheal foirne; agus tá eagraíochtaí eile ar lorg daoine oilte le Gaeilge.

Deirtear go bhfuil beagnach 500 duine, idir mhúinteoirí agus eile, páirteach sa ghaelscolaíocht sa Tuaisceart. Ní léir faoi láthair conas is féidir cur lena líon, agus fadhb í atá le fáil sa Phoblacht freisin, áit a bhfuil éileamh gan sásamh ar mhúinteoirí Gaeilge. B'fhearr leis an Roinn Oideachais nach mbunófaí a thuilleadh gaelscoileanna agus go mbeadh a leithéidí ina gcuid de scoileanna eile feasta, d'fhonn acmhainní a choigilt – níl an oiread sin páistí sa Tuaisceart anois atá in aois scoile. Tá an tAire (agus í i bhfabhar foghlaim teangacha) ag súil le 'díospóireacht shuimiúil'.



## Tuairisc ar Sheimineár

An Dr Richard Reid (Iarsmalann Náisiúnta na hAstráile, Canberra):

### *The Scattered Children of St Patrick: Some Thoughts Towards Developing a National Exhibition on the Irish in Australia*

Bhí seimineár ag Richard Reid ar 9/9/08 i gColáiste Newman in Ollscoil Mhelbourne. Tá baint ag Richard leis an Iarsmalann Náisiúnta i gCanberra, áit a bhfuil taispeántas mór de gach gné de shaol na nÉireannach san Astráil á ullmhú. (As Éirinn do Richard féin ó cheart.)

Caint neamhfhoirmiúil ba ea í i ndáiríre, agus fáilte roimh cheisteanna i lár na cainte féin. Dúirt Richard gurb iad na híomhánna is mó a thug gríosú aigne dó, agus thaispeáin sé roinnt mhaith díobh gan aon dlúthnasc eatarthu, rud a léirigh éagsúlacht agus aontacht an ábhair.

Dúirt sé nach foláir dul amach ag siúl chun teacht ar rudaí. Thaispeáin sé grianghrafanna den *Corkman*, teach tábhairne i gCarlton, Melbourne, agus rinne tagairt do tábhacht a bhíodh lena leithéidí ag na hÉireannaigh mar bhealach chun teacht chun cinn. (Luaigh sé freisin an drochmheas atá aige ar na pubanna 'Gaelacha' réamhdhéanta atá coitianta anois.)

Ansin pictiúr eile – grúpa stuáilte de ghorailí a thug an tOllamh McCoy, Éireannach, chun Ollscoil Mhelbourne i lár na haoise seo caite. Bhí an-suim ag an Ollamh i rangú bitheolaíoch, agus d'úsáid sé na goraillí bochta chun teoiric Dharwin a bhréagnú.

Dealbh de Naomh Pádraig ansin, rud a tharraing ábhar na hEaglaise anuas. I NSW ba iad na Beinidictínigh Shasanacha a bhí in uachtar go dtí ochtóidí an 19ú haois (bhí neart séipéil baiste as Naomh Agaistín): ansin tháinig an chléir Éireannach chun cinn. (Dúirt an tOllamh Elizabeth Malcolm, a bhí i láthair, nár bh aon scéal nua é seo sa mhéid go raibh sé caithréim an Ghaelachais á ullmhú le tamall roimhe sin.)

Rinne Richard tagairt don argóint nach raibh na Caitlicigh chomh bocht lena dtuairisc; bhí airgead go leor acu chun séipéil a thógáil. Thaispeáin sé cúpla pictiúir d'fhuinneoga daite i séipéil i NSW a léirigh leagan áirithe de stair na nÉireannach san Astráil (géalleanúint na nGael agus bua an Chreidimh), agus dúirt gurbh fhiú staidéar i bhfad níos mó a dhéanamh ar na fuinneoga céanna.

Taispeánadh pictiúr de roinnt earraí Astrálacha – dealbh de phlatapas agus cuid rudaí eile – agus iarradh orainn a thomhas cén áit a raibh na hearraí le fáil. I dteach feirme i gCo Aontroma a bhí siad, áit a bhfuair fear áitiúil iad óna chairde gaoil san Astráil sa 19ú haois. Thaispeáin sé pictiúr an-suimiúil d'éin Astrálacha i gcás gloine sa teach céanna. Léiríú iad seo ar na nascanna neamhghnácha a d'fhéadfadh a bheith ann idir an dá thír. A mhalairt ar fad de chiall a d'fhéadfaí a bhaint as cóip álainn de Chros Chonga agus í san Ardeaglais i Sydney, agus dúirt Richard gurb amhlaidh go raibh trí cinn eile san Astráil. Rudaí iad a chuir in iúl go raibh ardchultúr dá gcuid féin ag na hÉireannaigh tráth den saol.

Thug Richard aird ar dhaoine chomh maith le rudaí, agus rinne tagairt do na hÉireannaigh ba thuisce a tháinig go dtí an Astráil. Beirt mhairnéalach iad a bhí i dteannta an Chaptaein Cook ar an Endeavour: fuair duine acu bás leis an ól, agus chuaigh an fear eile, Ríordánach, i dtír i mBá Bhotany, tamall sular cailleadh i mBatáivia é. Bhí na ceithearnaigh choille ann, agus chonaiceamar íomhá de bheathaisnéis duine acu - Martin Cash, 'Bushranger of Van Diemen's Land'. Bhí Cash agus roinnt dá leithéidí eile ina daoránaigh tráth. Tá Richard chun feidhm a bhaint as cuid de na ghrianghrafanna a tógadh de sheandaoránaigh (Éireannaigh sa chás seo) sa Tasmáin i ndeireadh an 19ú haois – íomhánna dodhearmadtha d'fhir a ghabh tríd.

Chonaiceamar pictiúr den *Emigration Depot* i gCorcaigh sa 19ú haois. Is díol spéise é go raibh cuid den *Depot* leagtha amach mar bheadh long ann chun a chur in iúl do na himircigh cad a



Sna seachtóidí cuireadh eagraíocht mhór pharaimíleatach den eite dheas ar bun chun an talamh a sheasamh ar na Marcsaigh. B'eo Féinchosantóirí Aontaithe na Colóime (AUC), dream a bhí níos tugtha don lámh láidir ná FARC féin, agus (ar nós FARC) a thosaigh á maoiniú féin le drugaí. Ba bheag an mhoill ar na húdaráis feidhm a bhaint as na scuaid bháis a chuir an AUC ar fáil.

Sa bhliain 1998 toghadh Andres Pastrana mar Uachtarán agus rinne tréan-iarracht ar dheireadh a chur leis an bhforéigean agus le meath an gheilleagair. Chuaigh sé chun cainte le FARC go háirithe agus fuair airgead ó Mheiriceá agus ó thíortha eile chun déileáil le roinnt fadhbanna práinneacha – na caibidlí síochána, drochstaid an gheilleagair, ceist na ndrugaí, leasú an chórais dlí, cosaint chearta daonna, agus athchóiriú sóisialta. Faoin mbliain 2002 bhí briste ar an bhfoighne aige maidir le FARC agus chuir sé na fórsaí slándála ar ais i limistéar mór dímhíleataithe a bhí fágtha faoi smacht na gceannairceach. Faoin am sin, áfach, bhí vótóirí meánaicmeacha bréan de chaibidlí gan toradh, agus toghadh Uribe, polaiteoir coimeádach, mar Uachtarán. D'fhógair sé go raibh sé sásta dul chun cainte le gach grúpa, agus bhí toradh éigin air seo: thug cuid den AUC agus den ELN a gcuid gunnaí uathu, agus tháinig laghdú suntasach ar an bhfuadach agus ar an dúnmharú. Ba mhór an babhta ar FARC freisin tartháil Ingrid Betancourt, an giall cáiliúil a choinnigh aird an domhain ar an gColóim.<sup>1</sup>

Tá Uribe ann fós, ach dealraíonn sé anois go bhfuil taobh eile ar a scéal sin de bharr na drochiontaoibhe ag a rialtas riamh as dreamanna 'forásacha'. Tá sé rófhurasta ag leithéidí Uribe claonadh chun an chuid is dúire den eite dheas i dtír a bhfuil an t-antoisceachas i dtreis. Tá a rian sin ar an rialtas anois agus iad ag tabhairt faoi cheannairí freasúra agus faoi ghníomhaithe cearta daonna. Má tá baint agat le ceardchumann ní mór duit a bheith san airdeall: dúnmharaíodh os cionn 500 ceardchumannach ó tháinig Uribe i gcumhacht, gan trácht ar na céadta gníomhaí cearta daonna. Chomh maith leis sin cuireadh i leith triúr feisirí parlaiminte agus beirt iriseoirí go bhfuil baint acu le FARC, rud a shéanann siad go tréan.

I Mí na Lúnasa gabhadh Liliany Obando, socheolaí a bhí ag obair ar son Chomhcheangal an nOibrithe Tuaithe (FENSUAGRO), agus taighde á dhéanamh aici ar bhail den eagraíocht sin ar dhúnmharaigh na paraimíleataigh agus na fórsaí slándála iad. Cuireadh 'sceimhlitheoireacht' ina leith ach theip ar na húdarais fianaise fhónta a sholáthar. Bhí orthu dul i muinín roinnt ríomhphostas ar ríomhairí glúine a baineadh de FARC, ábhar nach aon iontaoibh é, más fíor: deirtear go ndearna Interpol fiosrú fóiréinseach air agus go ndearna siad amach go ndearna na húdaráis os cionn 40,000 athrú air.

Tá an rialtas féin san fhaopach de bharr baint a bheith acu leis na paraimíleataigh. Tá fiosrú á dhéanamh ar bhreis is seachtó feisire dá bharr, agus orthu sin tá baill thábhachtacha den chomh-aireacht, leithéid Santiago Uribe, deartháir an Uachtaráin. Bhí ar an Uachtarán roinnt finnítithe a dhíbirt anonn chun na Stát agus iarracht a dhéanamh ar chumas fiosraithe na Cúirte Uachtaraí a shrianú.

Is áisiúil an dream iad na scuaid bháis sa mhéid gur féidir leis na húdaráis feidhm a bhaint astu go rúnda ach a fhógairt os ard go bhfuil an rialtas suite go neamhchlaonta ar an gcláir idir FARC agus an eite dheas. Ní féidir a rá an dtiocfaidh aon laghdú ar an gcion atá ag na vótóirí ar Uribe agus na rúin is déanaí á sceitheadh; i ndeireadh na dála caithfidh a rialtas na fadhbanna sóisialta a fhuascailt, agus sin scéal eile ar fad.

---

<sup>1</sup> Polaiteoir forásach is ea Ingrid Betancourt Pulecio a fuair cuid dá hoideachas sa Fhrainc (chuir rialtas na Fraince an-suim ina cás). D'fhuadaigh FARC í sa bhliain 2002 agus í ag déanamh toghchánaíochta mar iarrthóir Glasach do phost an Uachtaráin. Tarrtháladh í ar 2/7/08, agus dá lorgódh sí post an Uachtaráin arís bheadh sé an-deacair ag leithéidí Uribe smál FARCach a fhágáil uirthi.



## Ceist na Seoirsia

*The Caucasus: exquisitely beautiful, unique in its languages, and for centuries the scene of warfare and dissension. The South Caucasus is dominated by Georgia, and Georgia (an important conduit of oil and gas) lies within the Russian shadow. Russia has declared itself the protector of Georgia's rebellious minorities, with their consent; this has brought Western condemnation. To what extent is this justified in the light of history?*

Is annamh a tarraingítear aird an domhain ar an gCácasas,<sup>2</sup> réigiún fiáin álainn a tháinig faoi smacht na hImpireachta Rúisí, a bhí ina shamhail rómánsach ag scríbhneoirí Rúiseacha le fada ina dhiaidh sin agus ina áit laethanta saoire ag an gcoitiantacht. Tá an réigiún roinnte ina chuid thuaidh agus ina chuid theas, idirdhealú a bhfuil a rian le haithint ar na teangacha, agus sa deisceart atá an tSeoirsia. Bhí dúchas ar leith ag na Seoirsigh riamh, agus iad in ann é a rianú siar chomh fada leis an 4ú haois roimh Chríost. Nuair a thosaigh an tAontas Sóivéadach ag dealú ó chéile tháinig faobhar ar an náisiúnachas sa tSeoirsia,<sup>3</sup> rud a mhéadaigh míshuaimhneas na mionphobal.

Tá dlúthbhaint ag ceisteanna teanga le cúrsaí dúchais agus féiniúlachta, agus níl gaol ag teangacha Dheisceart an Chácasais le haon ghrúpa teanga eile. Tá na teangacha *Cairtvéileacha* seo á labhairt ag timpeall cúig mhilliún duine, go háirithe sa tSeoirsia, cé go bhfuil siad le fáil i dtíortha eile freisin – an Ioráin, an Tuirc, an Rúis agus go fiú Iosrael. Is í an tSeoirsis féin an teanga acu is mó a labhraítear, agus tá aibítir ar leith aici; an sampla den teanga scríofa is sine is ea inscríbhinn a cumadh sa bhliain 440 AD i mainistir Sheoirseach atá láimh le Beitheal.

Ní nach ionadh, is í an Rúisis an *lingua franca* is áisiúla fós ag an gcuariteoir. Ar éigean is gá a rá gurb é Stalín féin, an Fear Mór Sóivéadach, an tsamhail agus an sampla is fearr den cheangal neamhdhiongbháilte atá idir na Rúisigh agus na críocha Cácasacha: fear a rugadh sa tSeoirsia agus ar tháinig clú air mar fhile Seoirsise agus é óg, é ina bhithiúnach i dTibilisi (áit an-fhiáin ag an am) agus ina réabhlóidí ina dhiaidh sin - rud a rinne saghas Rúisigh de.

Ba ghnách leis na Rúisigh cúrsaí teorann a shocrú de réir mar ba thoil leo sa Chácasas agus san Áise Lárnach, agus le linn Stalín a ceanglaíodh trí réigiún bheaga - an Óiséit Theas, an Abcháis agus an Aitseáire - de Phoblacht Shóivéadach Shóisialach na Seoirse. Nuair a thit an tAontas Sóibhéadach ó chéile d'fhan na réigiúin sin ina gceantair fhéinrialaitheacha de stát na Seoirse. Bhí pobal measctha i ngach ceann acu, ach ar feadh an chuid is mó den ré Shóivéadach is beag imreas a tharla dá bharr. Bhí idir chosúlachtaí agus dhifriúcháin ann (tá formhór na Seoirseach agus na nÓiséatach ina gCríostaithe Ceartchreidmheacha), agus minic go leor phós daoine ó na dreamanna difriúla a chéile.

Thug an saol nua an t-achrann leis. Sa bhliain 1991 tháinig Zviad Gamsakhurdia, uachtarán sárnáisúnaíoch, i réim sa tSeoirse, agus rinneadh iarracht ar na réigiúin fhéinrialaitheacha a chur faoi smacht. Bhí cogadh na gcarad ar siúl sa tSeoirsia, san Óiséit Theas agus san Abcháis, agus daoine á ndíbirt dá bharr. Bhain an Óiséit Theas agus an Abcháis, dhá réigiún bheaga chrioslaithe, neamhspleáchas *de facto* amach le tacaíocht na Rúise. Sa tSeoirsia féin rinneadh uachtarán den iarAire Gnóthaí Eachtracha Sóivéadach Eduard Shevardnadze; d'éirigh leis an tír a chiúnú beagán, d'ainneoin geilleagar lag, mórán caimiléireachta agus camastaíl bhallóide.

<sup>2</sup> Aisteach go leor, níor soláthraíodh fós i nGaeilge aon fhocal ar *Caucasus* an Bhéarla (*Kavkáz* na Rúisise).

<sup>3</sup> Féach píosa le Stephen Zunes in *Foreign Policy in Focus*, 20/8/08, a thugann cuntas soiléir ar scéal casta: <http://www.fpif.org/fpiftxt/5465>. Féach freisin píosa le Jean Radvanyi ar *Le Monde diplomatique* (Meán Fómhair 2008) a dhéanann scrúdú géar ar an ionsaí a rinne an tSeoirsia ar an Óiséit Theas ar 8/8/08 agus ar athbhuille na Rúise.

Bhí Shevardnadze mór leis na Meiriceánaigh: fuair a rialtas os cionn \$1 billiún uathu, ach bhí air an comhar a roinnt - an gilleagar a athchóiriú faoi choimirce an IMF agus saighdiúirí a chur chun na hIaráice. Faoin mbliain 2003 bhí cibé cuid de ghnaoi na ndaoine a bhí faighte ag Shevardnadze cailte aige de bharr dífhostaíochta, easpa leictreachais, breabaireacht fhorleathan, míriartha agus chliseadh an bhonneagair.

I dteannta an fhreasúra pholaitiúil bhí gluaiseacht de chuid na cosmhuintire ann ar tugadh *Kmara* uirthi, agus mic léinn i gceannas uirthi. Fuair an dá dhream cabhair ó eagraíochtaí neamhrialtais Iartharacha. Bhí rian na camastaíola ar na toghcháin, rud a spreag an 'Réabhlóid Rósdathach,' stailceanna agus agóidí sráide; tugadh ar Shevardnadze éirí as a phost agus tháinig Mikheil Saakashvili ina ionad.

Lean an rialtas nua den athchóiriú nualibrálach. Tháinig neart sa gheilleagar, bailíodh breis cánach agus laghdaigh an bhreabaireacht, ach bhí mórán daoine gan obair fós. Caitheadh i bhfad níos mó ar an Arm, agus fuarthas idir thraenáil agus mhaoiniú ó Mheiriceá. Tháinig inní ar an Rúis nuair a chonaic sí go raibh Meiriceá ag iarraidh an tSeoirsia a tharraingt isteach i NATO, rud a d'áitigh uirthi, is dócha, cos a chur i dtaca sna Óiséit Theas agus san Abcháis. Níor lúide inní na Rúise, ach oiread, an cúnamh a thug an tIarthar do na 'réabhlóidí dathacha' san Úcráin agus sa tSeoirsia, an fháilte a chuir NATO roimh seanbhaill an Chomhaontaithe Varsá, agus an chaint ar dhiúracáin a shuíomh sa Pholainn.

Ní beag an bhaint a bhí ag beartas Mheiriceá leis an ola a thagann tríd an tSeoirsia anoir. Tógadh píopaí ola agus gáis a sheachnódh bealaí nádúrtha na Rúise agus na hIaráine; ina chúiteamh sin, chuir an Rúis brú ar an gCasacstáin, ar an Tuircméanastáin agus ar an Úisbéiceastáin a gcuid gáis a sheoladh tríd an Rúis.

Nuair a d'ionsaigh na Seoirsigh Tskinali, príomhchathair na hÓiséite Theas, ar 8/8/08, níorbh é an chéad uair acu é. Rinne siad é sa bhliain 1920, nuair a bhí an tSeoirsia scartha ón tseanImpireacht Rúiseach agus neamhspleách fós ar an impireacht nua Shóivéadach; sna blianta 1991 agus 1992 rinneadh arís é, rud a d'fhág mórán marbh agus mórán eile ina ndeoraithe. Sa bhliain 1992 síníodh sos comhraic; ní bheadh an Óiséit Theas faoi réir na Seoirsia, ní chuirte isteach ar shráidbhailte Seoirseacha, agus bhí fórsaí síochána ann ón Rúis, ón Óiséit agus ón tSeoirsia.

Cuireadh cor sa scéal nuair a thairg Moscó pasanna Rúiseacha do na hÓiséataigh, rud a spreag Saakashvili chun cumhacht na Seoirsia a threisiú san Óiséit. Thug NATO agus Meiriceá cabhair mhíleata don tSeoirsia, agus san Óiséit Theas ghéaraigh ar an achran: bhí sráidbhailte ag tabhairt amais ar a chéile le roicéid agus le snípeaireacht. Ba bheag an scéal é sin le hais an ionsaithe mhóir a rinne an tSeoirsia (le mórtas nó le mearbhall) ar Tskinvili i Mí na Lúnasa (ionsaí a d'fhág mórán siabhialtach marbh) agus ar bhunáiteanna na bhfórsaí síochána Rúiseacha. Rug an Rúis ar an bhfaill agus bhuaill buille trom. Déarfadh formhór na Rúiseach go raibh an ceart aici, cé go bhfuil fianaise ann go ndeachaigh na fórsaí Rúiseacha thar fóir. Anois tá socrú nua déanta nach socrú Stalín é: ní cuid den tSeoirsia iad an Abcháis agus an Óiséit Theas feasta, cé go n-aithníonn an Rúis teorainneacha na Seoirsia i gcoitinne.

Bhí mórán Seoirseach míshásta le Saakashvili go fiú roimh a mhíthapa san Óiséit Theas. Rinneadh agóidí ina choinne anuraidh toisc gur theip air deireadh a chur le breabaireacht agus le borradh an bhochtanais. Bhain seo míthapa eile as: rinne sé ceannairí freasúra a ghabháil, meáin neamhspleácha chumarsáide a chur ina dtost agus na fórsaí slándála a scaoileadh amach ar na sráideanna, ach d'éirigh leis, mar sin féin, an bua a bhreith leis i dtobthoghchán i Mí Eanáir. Anois tá an scéal athruithe: theip ar a rialtas an t-aipearra a ghearradh ar an Rúis agus tá na seachúiseanna míshástachta fós ann. B'fhéidir gur gearr le dul ag an rialtas agus ní hiad na Rúisigh a bheadh brónach ina dhiaidh; ach ní haon réiteach buan é sin ar an gcaidreamh neamhshocair idir an dá thír.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).*